## PREASEISIÚINT Uimh. 171/23

**Lucsamburg, 9 Samhain 2023**

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-465/20 P | an Coimisiún v Éire agus páirtithe eile

# Dar leis an Abhcóide Ginearálta Pitruzzella, ba cheart breithiúnas na Cúirte Ginearálta maidir leis na 'rialuithe cánach' a ghlac Éire i gcoinne Apple a chur ar neamhní.

Ceadaítear leis an 'rialú cánach' do ghnóthais réamhrialú a fháil ón riarachán cánach maidir leis an gcóireáil cánach a mbeidh siad faoina réir. In 1991 agus 2007, d'eisigh Éire dhá rialú cánach i gcoinne dhá chuideachta ghrúpa Apple (Apple Sales International – ASI agus Apple Operations Europe – AOE), a bunaíodh faoi dhlí na hÉireann, ach nach bhfuil lonnaithe chun críoch cánach in Éirinn. D'fhormhuinigh leis na rialuithe an mhodheolaíocht lenar mhol ASI agus AOE na brabúis incháinithe in Éirinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a mbrainsí Éireannacha a chinneadh. In 2016, chinn an Coimisiún Eorpach gur deonaíodh státchabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach do grúpa Apple ina iomláine idir 1991 agus 2014 leis na rialuithe cánach, trí bhrabúis ó úsáid na gceadúnas maoine intleachtúla atá i seilbh ASI agus AOE a eisiamh ón mbrabús incháinithe, agus d'ordaigh sé d'Éirinn í a aisghabháil. In 2020, rinne Éire agus ASI agus AOE achomharc i gcoinne an chinnidh agus chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh ón gCoimisiún ar neamhní, agus í den tuairim nár léirigh an Coimisiún gurb ann do bhuntáiste a d'eascair as na rialuithe cánach a ghlacadh [1]. Tarchuireann an Coimisiún an t-ábhar faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais chun breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar neamhní.

Ina Thuairim, molann **an tAbhcóide Ginearálta Giovanni Pitruzzella gur cheart don Chúirt an breithiúnas a chur ar neamhní** agus an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh cinneadh nua maidir leis na tuillteanais.

Dár leis an Abhcóide Ghinearálta, rinne an Chúirt Ghinearálta roinnt earráidí dlí maidir lena chinneadh nár shuigh an Coimisiún go raibh an caighdeán dlíthiúil riachtanach ann gur cheart na ceadúnais maoine intleachtúla atá i seilbh ASI agus AOE agus na brabúis ghaolmhara a ghintear trí tháirgí Apple a dhíol lasmuigh de na Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur i leith bhrainsí na hÉireann chun críocha cánach. Tá an tAbhcóide Ginearálta den tuairim freisin nach ndearna an Chúirt Ghinearálta measúnú ceart ar earráidí áirithe sa mhodheolaíocht a bheith ann agus ar na hiarmhairtí a bhaineann leo, rud a chuir na rialuithe cánach ó mhaith, de réir an chinnidh ón gCoimisiún. I dtuairim an Abhcóide Ghinearálta, tá gá, dá bhrí sin, le measúnú nua ón gCúirt Chéadchéime.

**NÓTA:** Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Is é cúram na nAbhcóidí Ginearálta, réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt ar na cásanna dá bhfuil siad freagrach, ar bhonn iomlán neamhspleách. Faoi láthair, tá Breithiúna na Cúirte Breithiúnais ag cur tús leis an bplé ar an gcás seo. Tabharfar breith ar dháta níos faide anonn.

**NÓTA:** D'fheadfaí achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní. Sa chás go

bhféadfaidh sí breithiúnas a thabhairt, féadfaidh an Chúirt féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar an díospóid; mura ndéantar amhlaidh, tarchuireann sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal ag breith na Cúirte Breithiúnais ar achomharc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán na tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna de léamh na Tuairime ar fáil ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Breithiúnas an 15 Iúil 2020, T-778/16, Éire agus páirtithe eile v an Coimisiún, agus T-892/16, Apple Sales International agus Apple Operations Europe v an Coimisiún (Féach freisin Preaseisiúint Uimh. 90/20).